



An Bhruiséil, 18 Feabhra 2020
(OR. en)

6092/20

FIN 93
INST 26

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 5759/20
roimhe seo:

Ábhar: Treoirlínte buiséid do 2021

– *Conclúidí ón gComhairle (18 Feabhra 2020)*

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2021, a ghlac an Chomhairle ag an 3749ú cruinniú dá cuid ar an 18 Feabhra 2020.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE TREOIRLÍNTE BUISÉID DO 2021

1. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go mbeidh an nós imeachta buiséadach le haghaidh 2021 ar an gcéad cheann i gclárthréimhse 2021-2027. I ndáil leis sin, beidh ról tábhachtach ag an mbuiséad ó thaobh cuspóirí agus tosaíochtaí an Aontais a fhorbairt agus a bhaint amach.
2. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá go n-urramóidh institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais gach gné den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) nua agus go gcomhlíonfaidh siad iad nuair a bheidh an buiséad do 2021 á bhunú agus á chur chun feidhme.
3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart an buiséad a bhunú i gcomhréir leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais¹, go háirithe prionsabail na haontachta, na bliantúlachta, na bainistíochta fóna airgeadais agus na trédhearcachta.
4. Measann an Chomhairle gur cheart don bhuiséad do 2021 a bheith réalaíoch, i gcomhréir leis na riachtanais iarbhrí, go n-áiritheofaí go mbeadh buiséadú stuama ann agus, gan dochar d'fhorálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh², go bhfágfaí corrlaigh leordhóthanacha faoi uasteorainneacha CAI chun déileáil le cúinsí gan choinne. Ina theannta sin, ba cheart go soláthrófaí leordhóthain acmhainní sa bhuiséad do 2021 chun cur chun feidhme chláir an Aontais a áirithiú agus chun go mbeifí in ann na gealltanais a tugadh cheana faoin CAI reatha a íoc in am trátha, más gá agus i gcásanna cuí-réasúnaithe, tar éis gach ath-leithdháileadh féideartha laistigh den bhuiséad a chur chun feidhme, trí úsáid a bhaint as solúbthachtaí atá ar fáil, chun aon éilimh neamhíoctha arna dtíolacadh ag na Ballstáit a sheachaint.

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).


² Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais (IO C 373, 20.12.2013, lch. 1).

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart an smacht buiséadach a choimeád ar gach leibhéal, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá an caiteachas riachtanach uile a mhaoiniú de réir tosaíochta agus gan cur isteach ar na prionsabail bhuiséadacha.
6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá le hintuathacht i leith ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais agus i leith íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais go dtí na Ballstáit, agus meabhraíonn sí go gcruthaítear dúshláin nach bhfuil ag teastáil sna buiséid náisiúnta le róbhuiséadú agus tearcbhuiséadú. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réamhaisnéisí cruinne iontaofa a chur ar fáil ar bhealach trédhearcach i leith na n-ioncam uile, lena n-áirítear an méid bliantúil is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe in 2021 i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar³, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát measúnú a dhéanamh go tráthúil ar an ranníocaíocht mheasta uathu siúd le buiséad an Aontais.
7. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart uirlisí ceartaitheacha buiséadacha, amhail buiséid leasaitheacha, a choinneáil chomh híseal agus a bhfuil bonn cirt leis, agus gur cheart iad a thabhairt isteach ar bhealach tráthúil ionas nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú chláir an Aontais agus gur cheart iad a mhaoiniú go príomha trí athdháileadh. Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha atá bunaithe ar ioncam a thíolacadh ar leithligh agus gan mhoill tar éis don fhaisnéis ábhartha a bheith ar fáil. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanais láidir go nglacfaidh sí seasamh a luaithe is féidir maidir le dréachtbhuiséid leasaitheacha.
8. Measann an Chomhairle gur cheart go mbeadh an leibhéal foirne sna hinstitiúidí, sna comhlachtaí agus sna gníomhaireachtaí go léir ag teacht le comhaontú CAI agus gur gá faireachán agus rialú leanúnach a dhéanamh air. Ina theannta sin, tathantaíonn an Chomhairle ar institiúidí, ar chomhlachtaí agus ar ghníomhaireachtaí uile an Aontais a gcairteacha foirne a urramú, mar aon leis na himchlúdaigh airgeadais agus leibhéal na gcoibhéisí lánaimseartha (FTEanna) do ghníomhairí conarthacha. Moltar don Choimisiún leibhéal iomchuí FTE agus leithreasuithe comhfhreagracha a fhrithchúiteamh i gcásanna ina ndéanfar cúraimí a tharmligeán, cúramaí a dhéanadh foireann an Choimisiúin féin roimhe sin, chuig gníomhaireachtaí feidhmiúcháin nó comhlachtaí comhchosúla nuair a bhíonn sainordú nua nó oiriúnaithe á mholadh dóibh.

³ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29 I, 31.1.2020, lch. 7).

9. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an dréachtbhuiséad do 2021 a thíolacadh in am trátha ionas go mbeidh an Chomhairle in ann tabhairt faoi anailís theicniúil mhionsonraithe agus a seasamh a ullmhú go críochnúil. Molann sí don Choimisiún chomh maith feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar a bhfuil sna ndoiciméid bhuiséadacha ionas gur níos simplí, níos gonta agus níos trédhearcaí a bheidh siad. Ina theannta sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún an tsraith iomlán de na doiciméid is infheidhme a liostaítear in Airteagal 41 den Rialachán Airgeadais a chur leis an dréachtbhuiséad, lena n-áirítear tuarascálacha ar an dul chun cinn atá déanta chun cuspóirí an chláir a bhaint amach.
10. Spreagann an Chomhairle na hinstitiúidí uile comhoibriú ar bhealach éifeachtúil agus cabhrach, rud a éascóidh nós imeachta buiséadach rianúil agus bunú buiséid do 2021 laistigh de na spriocamanna a leagtar síos leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a ról mar bhróicéir macánta a chur i gcrích le linn an nós imeachta bhuiséadaigh ar fad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh rochtain thráthúil ar dhréachteilimintí do chonclúidí comhpháirteacha, ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile (go háirithe maidir le gealltanais agus íocaíochtaí) chun an próiseas idir-réitigh a éascú. Ina theannta sin, dála na caibidlíochta maidir leis an mbuiséad do 2021, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nár cheart aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nach mbaineann go díreach leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.
11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na treoirlínte sin agus tá sí ag iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún iad san áireamh mar is cuí nuair a bheidh an dréachtbhuiséad do 2021 á ullmhú.
12. Cuirfear na treoirlínte seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún, chomh maith leis na hinstitiúidí eile.

Éabhlóid leithreasuithe íocaíochta (2007 - 2019)



ÉABHLÓID LEITHREASUITHE ÍOCAÍOCHTA (2007-2019)

(seachas ioncam atá sannta)

Nós imeachta buiséadach	DB tosaigh (infheidhme in 2011, 2013, 2015 agus 2019)	(P)DB	(P)DB (ALanna san áireamh)	Seasamh na Comhairle	Seasamh na Parlaiminte	An buiséad ar vótáladh ina fhabhar	An buiséad deiridh (Buiséid Leasaitheacha san áireamh agus an méid a tugadh anonn)	Cur chun feidhme	An buiséad deiridh - cur chun feidhme (figiúirí)	An buiséad deiridh - cur chun feidhme (%)	Cur chun feidhme/(P)DB (ALanna san áireamh)
		1	2			3	4	5	6 (=4 - 5)	7 (=6/4)	8 (=5/2)
2007		116.370	115.531	114.613	122.016	115.497	113.835	112.377	1.458	1,28%	97,27%
2008		121.533	120.347	119.410	124.196	120.347	114.835	113.070	1.765	1,54%	93,95%
2009		116.744	116.546	114.972	124.488	116.096	113.395	112.107	1.288	1,14%	96,19%
2010		122.316	123.061	120.521	127.526	122.937	123.203	120.490	2.713	2,20%	97,91%
2011	130.136	126.527	126.527	126.527	126.527	126.527	127.219	126.497	722	0,57%	99,98%
2012		132.739	132.668	129.088	133.139	129.088	135.842	135.602	240	0,18%	102,21%
2013	137.924	137.798	137.798	132.837	132.837	132.837	144.057	143.785	272	0,19%	104,34%
2014		136.066	136.061	135.005	136.444	135.505	138.577	138.440	137	0,10%	101,75%
2015	142.137	141.337	141.337	141.214	141.214	141.214	141.769	141.586	183	0,13%	100,18%
2016		143.541	144.456	142.120	146.459	143.885	136.517	131.400	5.117	3,75%	90,96%
2017		134.899	135.422	133.790	138.029	134.490	126.877	126.610	267	0,21%	93,49%
2018		141.406	141.240	140.431	142.663	140.666	142.215	141.780	436	0,31%	100,38%
2019	148.675	148.199	148.199	148.199	148.199	148.199	149.731	149.050	681	0,45%	100,57%
Iomlán		1.719.476	1.719.193	1.698.726	1.743.738	1.707.288	1.708.071	1.692.793	15.278	0,89%	98,46%

Faisnéis faoi ALanna 2019, an méid a tugadh anonn agus an cur chun feidhme sealadach